AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.9.2014
SWD(2014) 281 final

# DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceanglais a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí agus cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste neamhbhóthair**

{COM(2014) 581 final}
{SWD(2014) 282 final}

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

# Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le ceanglais a bhaineann le teorainneacha astaíochtaí agus cineálcheadú i dtaca le hinnill dócháin inmheánaigh le haghaidh innealra soghluaiste neamhbhóthair

**Séanadh:** Níl an achoimre feidhmiúcháin seo de cheangal ach ar sheirbhísí an Choimisiúin atá bainteach lena hullmhú agus ní réamhbhreith ar fhoirm dheiridh aon chinnidh a ghlacfaidh an Coimisiún í.

## 1. AN FHADHB A SHAINIÚ

*Truailliú aeir*

Tá innill dócháin inmheánaigh atá suiteáilte in innealra soghluaiste neamhbhóthair ina bhfoinse shuntasach truaillithe agus is é sin an phríomhfhadhb a bhfuiltear ag iarraidh aghaidh a thabhairt air leis an Treoir féin agus leis an athbhreithniú atá á dhéanamh uirthi faoi láthair. I láthair na huaire, **tá deacrachtaí ag go leor de Bhallstáit AE a gcuid cuspóirí maidir le cáilíocht an aeir a bhaint amach** agus, sa chomhthéacs sin, is saincheist thábhachtach é laghdú breise a dhéanamh ar astaíochtaí ó innill dócháin. D'ainneoin na dteorainneacha a socraíodh leis an Treoir maidir le hinnealra soghluaiste neamhbhóthair agus leis na leasuithe a rinneadh uirthi ina dhiaidh sin, is **foinse mhór truaillithe aeir í earnáil an innealra shoghluaiste neamhbhóthair anois,** i gcomparáid le foinsí truaillithe eile, go háirithe maidir le hocsaídí nítrigine (NOx) agus ábhar cáithníneach. Tá earnáil an innealra shoghluaiste neamhbhóthair freagrach as tuairim is 15 % d'astaíochtaí NOx san iomlán agus 5 % d'astaíochtaí ábhair cháithnínigh san iomlán san Aontas. Cé go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh laghdú ar sciar an ábhair cháithnínigh, táthar ag súil go mbeidh méadú ar an sciar NOx agus gur sciar suas le 20 % a bheidh ann in 2020.

Na ceanglais is déine maidir le hastaíochtaí, ceanglais Chéim IV, dá bhforáiltear sa reachtaíocht atá ann faoi láthair, tiocfaidh siad i bhfeidhm in 2014. Is cosúil gur gá anois **a áirithiú go bhfuil earnáil an innealra shoghluaiste neamhbhóthair ag dul sa treo ina laghdófar astaíochtaí go fadtéarmach,** treo atá i gcomhréir le beartas iomlán AE maidir le cáilíocht an aeir agus leis na ceanglais rialála sna hearnálacha gaolmhara.

Ós rud é go bhfuil na monaróirí innill agus innealra atá lonnaithe san Aontas dírithe go mór ar an onnmhairiú, tá sé thar a bheith tábhachtach freisin, más iomchuí, go ndéanfar ceanglais astaíochtaí a fhorbairt agus aird ar na **ceanglais chomhfhreagracha sna príomh-mhargaí tríú tíortha,** na Stáit Aontaithe mar shampla.

Lena chois sin, dá dtabharfaí treoir níos fadtéarmaí i leith ceanglas astaíochtaí, ná mar a thugtar faoi láthair, bheadh **níos mó cinnteachta maidir le pleanáil ann don tionscal** agus bheadh an earnáil in ann na hinfheistíochtaí is gá i gcúrsaí taighde agus forbartha a leagan amach.

*Easnaimh rialála*

D'ainneoin iarrachtaí a rinneadh roimhe seo, tá easnaimh ar leith sa reachtaíocht atá ann faoi láthair. **Níl gach catagóir innealra shoghluaiste neamhbhóthair cumhdaithe inti.** Mar thoradh ar an easnamh rialála i dtaobh na n-inneall sin, cailltear na buntáistí tábhachtacha a bheadh ann don chomhshaol.

Lena chois sin, tá **baol ann go ndéanfar an margadh a shaobhadh** i gcás innealra áirithe nuair a bheadh cinneadh le déanamh ag an monaróir inneall a shuiteáil atá cumhdaithe faoin Treoir nó inneall a shuiteáil nach bhfuil aon rialáil ann ina thaobh faoi láthair. Go sonrach, d'fhéadfadh an chaoi a bhfuil an rialáil faoi láthair monaróirí a spreagadh innill spréachadhainte a úsáid in ionad inneall adhainte comhbhrú, ag brath ar na cúinsí agus breosla a bheith ar fáil. Deimhníodh an méid sin san aiseolas a fuarthas ó na páirtithe leasmhara le linn an chomhairliúcháin phoiblí oscailte.

Tugadh céimeanna nua astaíochtaí isteach go deireanach nuair a leasaíodh an Treoir sa bhliain 2004. Is é is brí leis sin nach fada go mbeidh catagóirí áirithe innill **as dáta i gcomórtas leis an teicneolaíocht úrscothach** agus leis na forbairtí is déanaí san earnáil bhóithre.

De bhreis air sin, tá fianaise dhochloíte curtha ar fáil ó shin faoi **na héifeachtaí díobhálacha sláinte a bhaineann le hastaíochtaí sceite díosail** agus go háirithe faoin ábhar cáithníneach (i.e. súiche díosail). Is é ceann de phríomhthorthaí an staidéir gur gné thábhachtach í méid na gcáithníní maidir leis na héifeachtaí díobhálacha sláinte breathnaithe. Ní féidir aghaidh a thabhairt air sin ach trí theorainnluachanna atá bunaithe ar áireamh líon na gcáithníní (i.e. teorainn LC). Fuair na saineolaithe amach nach leor na leibhéil is déine a shonraítear i gCéim IV chun cosaint iomchuí a thabhairt ar thruailleáin den chineál sin. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis na forbairtí san earnáil bhóithre, ní mór a mheas an gá céim nua astaíochta (Céim V) a thabhairt isteach a dhíreodh ar theorainneacha le líon na gcáithníní le cois teorainneacha le mais na gcáithníní maidir leis na catagóirí innill is ábhartha.

Anuas air sin, tá **neamhréir idir catagóirí innill áirithe** maidir le déine na dteorainneacha astaíochtaí is infheidhme i láthair na huaire. Go háirithe, dealraíonn sé nach leor na teorainneacha astaíochtaí d’innill atá suiteáilte i soithí uiscebhealaí intíre agus gur gá athmheasúnú a dhéanamh orthu. Is fíor sin freisin i gcás astaíochtaí sceite ó innill faoi luas seasmhach, ar sciar mór d’innill neamhbhóthair iad: níl na teorainneacha astaíochtaí do na hinnill sin chomh dian leis na teorainneacha d’innill faoi luas inathraithe, rud a d’fhéadfadh monaróirí a spreagadh innill faoi luas seasmhach lena mbaineann caighdeáin níos ísle i dtaobh an chomhshaoil a úsáid in ionad inneall faoi luas inathraithe. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an scéal sin mar níl aon bhonn cirt teicniúil ann le teorainnluachanna níos scaoilte a shannadh d’innill faoi luas seasmhach.

I láthair na huaire, tá tástáil á déanamh ar na teorainneacha astaíochtaí d’innealra soghluaiste neamhbhóthair faoi dhálaí saotharlainne nuair is inneall cineálcheadaithe an t-inneall. Cé nach gceanglaítear leis an Treoir go gcaithfidh an córas rialaithe astaíochtaí feidhmiú i gceart faoi chúinsí fíorshaoil, níl aon fhoráil inti, go deimhin, maidir lena sheiceáil go bhfuil córas rialaithe astaíochtaí a ndéantar cothabháil cheart air ag feidhmiú i gceart agus é i mbun seirbhíse. D’fhéadfadh sé a bheith áisiúil bearta a dhéanamh agus **a sheiceáil an gcomhlíonann astaíochtaí innill inseirbhíse na ceanglais** atá leagtha síos sa Treoir le linn shaol úsáideach an innill atá leagtha síos, rud atá ar bun cheana féin i gcás feithiclí bóthair tromshaothair.

## 2. ANAILÍS NA COIMHDEACHTA

Is é bunús dlí Threoir 97/68/CE maidir le hInnealra Soghluaiste Neamhbhóthair Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Ós rud é go mbaineann sé sin le leasuithe ar reachtaíocht AE atá ann cheana, ní féidir ach le hAE féin aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin ar bhealach éifeachtach. Urramaítear prionsabal na coimhdeachta ós rud é nach féidir na cuspóirí beartais a bhaint amach go leordhóthanach le bearta na mBallstát. Is gá bearta ón Aontas Eorpach ionas nach dtiocfaidh baic chun cinn sa mhargadh aonair, go háirithe i réimse na n-inneall atá suiteáilte in innealra soghluaiste neamhbhóthair, agus mar gheall ar chineál trasnáisiúnta an truaillithe aeir. Cé go mbíonn an tionchar is déine ag na mórthruailleáin aeir in aice lena bhfoinse, ní ar an leibhéal áitiúil amháin a

imrítear tionchar ar cháilíocht an aeir; is fadhb thromchúiseach chomhshaoil é an truailliú trasteorann agus is féidir leis sin an toradh a bhaint de na réitigh náisiúnta. Is gá gníomhaíocht chomhaontaithe ar leibhéal an Aontais le fadhb an truaillithe aeir a réiteach.

Dá socrófaí teorainneacha astaíochtaí agus nósanna imeachta cineálcheadaithe ar an leibhéal náisiúnta, d'fhéadfadh 28 réimeas éagsúil a bheith ann, rud a chuirfeadh bac tromchúiseach ar thrádáil laistigh den Aontas. Fairis sin, d'fhéadfadh sé ualach suntasach riaracháin agus airgeadais a chur ar mhonaróirí atá gníomhach i níos mó ná aon mhargadh amháin. Dá bhrí sin, ní féidir cuspóirí an togra atá á mheas a bhaint amach gan gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais.

Ar deireadh, glactar leis gurb é cur chuige comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais an tslí is éifeachtaí ó thaobh costais de do mhonaróirí agus d'úsáideoirí deiridh le laghduithe ar astaíochtaí a bhaint amach.

## 3. CUSPÓIRÍ

Is é an príomhchuspóir atá leis an Treoir maidir le hInnealra Soghluaiste Neamhbhóthair laghdú a dhéanamh ar astú astaíochtaí gáis agus cáithníneacha (NOx, HC, ábhar cáithníneach, CO) as innill atá suiteáilte in innealra soghluaiste neamhbhóthair. Is é sin an cuspóir lárnach atá leis an bpróiseas athbhreithnithe freisin.

Faoi láthair, níl astaíochtaí gás ceaptha teasa san áireamh i raon feidhme na Treorach maidir le hInnealra Soghluaiste Neamhbhóthair. Tá sin amhlaidh go mór mór toisc go bhfuil an Treoir dírithe ar fheidhmíocht astaíochta inneall seachas ar an innealra ina bhfuil na hinnill suiteáilte. Ós rud go n-imríonn an t-innealra (e.g. meáchan, ceapadh,...) agus oibriú iarbhír an innealra tionchar mór ar fheidhmíocht na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa, áfach, is gá an cur chuige is oiriúnaí ó thaobh reachtaíochta de chun aghaidh a thabhairt ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a aimsiú fós. Dá bhrí sin, chun críocha an phróisis athbhreithnithe reatha, ní áirítear astaíochtaí gás ceaptha teasa faoin raon feidhme.

Is iad seo a leanas na cuspóirí sonracha atá beartaithe:

*An tsláinte agus an comhshaol:*

- Sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint trí astaíochtaí truailleán aeir tocsaineach (NOx, HC, ábhar cáithníneach, CO) as innill atá suiteáilte in innealra soghluaiste neamhbhóthair a laghdú tuilleadh i gcomhréir le beartas AE maidir le cáilíocht an aeir.
- A áirithiú go léiríonn na teorainneacha le hastaíochtaí ó innealra soghluaiste neamhbhóthair agus na ceanglais chineálcheadaithe an dul chun cinn teicniúil agus go dtugann siad aghaidh ar na heasnaimh rialála a sainaithníodh.

*Iomaíochas:*

- Feidhmiú maith an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú, go háirithe trí chonstaicí sa trádáil inmheánach agus sa trádáil sheachtrach a laghdú.
- Ionchas iontaofa fadtéarmach ó thaobh cúrsaí rialála de a chur ar fáil do na hearnálacha eacnamaíocha lena mbaineann.
- Cosc a chur ar ilroinnt rialála tríd an mbrú a bhíonn ar na Ballstáit agus ar údaráis phoiblí eile srianta a fhorchur ar úsáid innealra shoghluaiste neamhbhóthair a laghdú.

- An dul chun cinn teicniúil a chur chun cinn trí threoir fhadtéarmach i leith teorainneacha astaíochtaí a chur ar fáil.
- Tuilleadh ailíniú a dhéanamh le rialacháin atá bunaithe lasmuigh de mhargadh AE, na Stáit Aontaithe go háirithe.

*Comhlíonadh*

- Tacú leis na Ballstáit sna hiarrachtaí atá ar bun acu na ceanglais i mbeartas AE maidir le cáilíocht an aeir a chomhlíonadh trí thimpeallacht rialála thacúil a chur ar fáil dóibh.
- Tacú leis na Ballstáit, le réigiúin agus le cathracha aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna atá acu na ceanglais a chomhlíonadh sna láithreacha achrainn uirbeacha mar a thugtar orthu, is iad sin na háiteanna lena mbaineann an deacracht is mó aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna maidir le cáilíocht an aeir.

## 4. ROGHANNA BEARTAIS

Rinneadh na roghanna seo a leanas a mheas agus rinneadh staidéar níos mionsonraithe orthu ar bhonn anailíse costais/sochair:

**Rogha 1: Gan aon athrú a dhéanamh – an reachtaíocht atá ann cheana féin a chur i bhfeidhm (Cás tagartha)**

Bheadh feidhm fós ag an Treoir maidir le hInnealra Soghluaiste Neamhbhóthair san fhoirm ina bhfuil sí faoi láthair agus ní bheadh aon chéim astaíochta nua ann tar éis Chéim IV, a bheidh i bhfeidhm ó 2014 ar aghaidh. Ní dhéanfaí aon rialáil ar chineálacha innill atá lasmuigh den raon feidhme atá ann faoi láthair, mar atá amhlaidh go dtí seo, ach amháin dá gcinnfeadh na Ballstáit bearta a dhéanamh ar a gconlán féin.

**Rogha 2: Ailíniú le caighdeáin na Stát Aontaithe maidir le raon feidhme agus teorainnluachanna**

Leis an athbhreithniú dhéanfaí iarracht ailíniú a dhéanamh le caighdeáin na Stát Aontaithe-EPA. Ós rud é go bhfuil caighdeáin SA-EPA na linne seo níos déine ar an iomlán ná caighdeáin AE faoi láthair, bheadh mar thoradh ar an gcur chuige sin go leathnófaí raon feidhme na n-inneall atá á rialú cheana agus go dtabharfaí isteach teorainnluachanna astaíochtaí níos déine san am céanna. Maidir leis na catagóirí innill nach bhfuiltear in ann comhfhreagairt fhónta idir teorainneacha AE agus teorainneacha na Stát Aontaithe a bhunú ina leith nó i gcásanna a bhfuil caighdeáin níos scaoilte i bhfeidhm sna Stáit Aontaithe ná mar atá in AE, go háirithe maidir le carranna iarnróid nach gcuimsíonn catagóir ar leith sna Stáit Aontaithe, níor cheart iarracht a dhéanamh aon ailíniú a dhéanamh. Ina ionad sin, dhéanfaí iarracht iomchuí comhsheasmhacht gach catagóire innill a áirithiú. Lena chois sin, tá sé tábhachtach go ndíreodh an rogha seo ar theorainneacha le mais na gcáithníní seachas ar theorainneacha le líon na gcáithníní.

**Rogha 3: Dul i dtreo leibhéil uaillmhianacha na hearnála bóithre, maidir leis na foinsí astaíochtaí is ábhartha.**

D’úsáidfí an caighdeán Euro VI d’fheithiclí tromshaothair (i.e. trucailí agus busanna) mar phríomhphointe tagartha. Ar an gcaoi sin, go háirithe, chuirfí teorainneacha le líon na gcáithníní, teorainneacha nach bhfuil le fáil faoi láthair sa reachtaíocht maidir le hInnealra Soghluaiste Neamhbhóthair. Chuirfí na difríochtaí teicniúla agus rialála idir feithiclí tromshaothair agus innealra soghluaiste neamhbhóthair san áireamh,

áfach, agus na teorainnluachanna á sainiú. Maidir le sainiú na dteorainnluachanna, is rogha níos uaillmhianaí é sin ná Rogha 2 agus bheifí ag iarraidh laghdú comparáideach comhleanúnach a bhaint amach sna catagóirí innill is ábhartha. Ar an gcaoi sin bheadh difreáil theoranta ann idir na haicmí cumhachta éagsúla de réir thorthaí na n-anailísí costais/sochair.

Maidir le hinnill d'earnáil an iompair soithí uiscebhealaí intíre, rinneadh staidéar ar dhá rogha: Rogha 3A atá bunaithe ar an ailíniú a dhéanfar le caighdeáin na Stát Aontaithe amach anseo maidir le NOx agus HC agus lena dtabharfaí teorainneacha astaíochtaí le líon na gcáithníní isteach; Rogha 3B ina bhfuil spriocanna an-uaillmhianach leagtha síos maidir le NOx agus HC de bhreis ar an méid sin. Ar an gcaoi chéanna, tá staidéar á dhéanamh ar dhá rogha maidir le hiompar iarnróid, i.e. teorainneacha astaíochtaí le líon na gcáithníní amháin a thabhairt isteach (Rogha 3A) nó teorainneacha astaíochtaí le líon na gcáithníní mar aon le teorainneacha NOx/HC níos déine (Rogha 3B).

**Rogha 4: Leibhéal breise uaillmhéine trí fhorálacha faireacháin breisithe**

Faoin rogha seo d'fhéachfadh an t-athbhreithniú leis an dá theorainn astaíochtaí atá níos déine a thiocfadh as Rogha 2 agus/nó Rogha 3 a chomhcheangal le forálacha feabhsaithe maidir le faireachán.

Bheadh na forálacha sin dírithe go mór mór ar fhaireachán a dhéanamh ar chomhréireacht inseirbhíse na n-inneall in innealra soghluaiste neamhbhóthair. Is é is brí le comhréireacht inseirbhíse go gcomhlíonann an t-inneall na ceanglais maidir le cineálcheadú le linn 'tréimhse ghnáthshaoil' an táirge. Ar an ábhar sin ceapadh reachtaíocht san earnáil tromshaothair atá dírithe ar fhaireachán a dhéanamh, trí shampláil theoranta, ar fheidhmíocht astaíochtaí inneall nuair a bhíonn siad suiteáilte i bhfeithiclí agus i mbun seirbhíse. Thabharfaí nósanna imeachta den sórt céanna isteach don earnáil neamhbhóthair. D'fhéadfaí an méid sin a úsáid mar chéad chéim i dtreo astaíochtaí fíorshaoil (astaíochtaí lasmuigh den timthriall) a rialú.

Lena chois sin, d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar ídiú breosla inneall in innealra soghluaiste neamhbhóthair, d'fhéadfaí faisnéis faoi na hastaíochtaí sin a úsáid chun innill a lipéadú ar bhealach níos fearr, rud a thabharfaidh eolas níos fearr do cheannaitheoirí agus úsáideoirí. I gcás ina meastar gur gá a leithéid a dhéanamh tráth níos déanaí, d'fhéadfaí leas a bhaint as torthaí an fhaireacháin agus an tuairiscithe ar astaíochtaí sonracha gás ceaptha teasa ó innill chun tuilleadh beart a dhéanamh amach anseo.

## 5. Measúnú Tionchair

Ós rud é go bhfuil éagsúlacht shuntasach ag baint leis na hinnill agus na feidhmeanna in earnáil an innealra shoghluaiste neamhbhóthair, is é an rogha is fearr comhcheangal de na gnéithe ó na ceithre rogha beartais a ndearnadh staidéar orthu. Is é a leanfaidh as na roghanna is fearr a sainaithníodh laghdú suntasach ar astaíochtaí truailleán a imríonn éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine. Tá béim ar leith ar astaíochtaí cáithníní díosail a laghdú. Lena chois sin, déanfar laghduithe suntasacha ar astaíochtaí NOx agus HC.

Meastar go mbeidh sochar idir EUR 26 100 agus EUR 33 300 milliún go dtí an bhliain 2040 i gceist leis na roghanna is fearr.

Beidh na costais a bhaineann leis an rogha is fearr ar na monaróirí innill agus innealra den chuid is mó (costais forbartha, athcheaptha agus táirgthe), ach beidh

siad ar úsáideoirí deiridh an innealra freisin (costais oibríochta maidir le hídiú breosla breise, costais chothabhála).

Meastar go mbeidh costas idir EUR 5 200 agus EUR 5 800 milliún go dtí an bhliain 2040 ar na roghanna is fearr i dteannta a chéile.

Cé go léiríonn na hanailísí costais/sochair an glansochar foriomlán, ní mór a chur in iúl gur gá infheistíocht shuntasach a dhéanamh i dtaobh roinnt catagóirí innill agus/nó i dtaobh earnálacha áirithe a gcaithfear measúnú cúramach a dhéanamh orthu i bhfianaise chumas airgeadaíochta na bpríomhghníomhaithe lena mbaineann. Aithnítear go mbaineann na costais infheistíochta is suntasaí leis na catagóirí a bhaineann leas as caighdeáin astaíochtaí níos ísle cheana féin, i.e. innill díosail bheaga (19-37 kW) agus innill a úsáidtear in earnáil an iompair uiscebhealaí intíre.

## 6. Comparáid Idir na Roghanna

Má ghlactar leis go mbaineann an tábhacht chéanna le gach critéar le haghaidh comparáide, is é Rogha 2 (ailíniú le caighdeáin na Stát Aontaithe) an rogha is fearr do gach inneall spréachadhainte agus do na hinnill adhainte comhbhrú is lú agus is mó. Bheadh Rogha 3 (ailíniú níos cóngaraí le leibhéal uaillmhéine na hearnála bóithre) i gceist d'innill adhainte comhbhrú i lár an speictrim cumhachta, ina bhfuil formhór na n-inneall adhainte comhbhrú. Bheadh Rogha 3 oiriúnach do charranna iarnróid freisin. Ag díriú ar fho-rogha 3A a bheadh na pointí anailíse sa chás sin. Ní bheidh toradh sásúil ar Rogha 1 (gan aon athrú beartais) ach amháin maidir le hinnill fhéinghluaiste díosail, cuid de mhargadh an innealra shoghluaiste neamhbhóthair a bheidh imithe, nó geall leis, faoi 2050.

Maidir le soithí uiscebhealaí intíre, taispeánann an anailís go bhfuil buntáistí agus míbhuntáistí ag gabháil le Rogha 2 agus le Rogha 3A agus Rogha 3B. Fágann sé sin nach éasca rogha a dhéanamh. Má chuirtear san áireamh, áfach, nach dtugann Rogha 2 aghaidh ar shaincheist atá fíorthábhachtach d'AE (i.e. tionchar díobhálach ar an tsláinte de dheasca mhéid na gcáithníní), ní choinnítear ach Rogha 3A agus Rogha 3B mar na roghanna is fearr ag an bpointe seo.

Mar fhocal scoir, cuireann an anailís in iúl gur cheart na bearta feabhsúcháin a ghabhann le Rogha 4 a chur i bhfeidhm tríd síos.

De bharr go bhfuil éagsúlacht shuntasach ag baint leis na hinnill agus na feidhmeanna in earnáil an innealra shoghluaiste neamhbhóthair, bhíothas ag súil cheana féin go mbeadh comhcheangal de na gnéithe as na ceithre rogha beartais ar an rogha ab fhearr. Sin é an toradh freisin mar tá difríochtaí móra idir na catagóirí innill in innealra soghluaiste neamhbhóthair i ndáil leis an tábhacht a bheidh leo amach anseo mar fhoinse astaíochtaí, an fhéidearthacht theicniúil tuilleadh laghduithe astaíochtaí a dhéanamh agus an leibhéal nó an déine rialála atá i bhfeidhm maidir leo cheana féin. Leis an gcomhcheangal is fearr d'áiritheofaí go léireofaí na dálaí sin go hiomchuí sa reachtaíocht maidir le hastaíochtaí inneall in innealra soghluaiste neamhbhóthair amach anseo agus, san am céanna, chuirfí le héifeachtacht agus le comhtháiteacht an chreata rialála.

## 7. FAIREACHÁN AGUS MEASTÓIREACHT

Tá roinnt uirlisí ar fáil don Choimisiún Eorpach chun faireachán a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil cuspóirí an tionscnaimh faoi thrácht á mbaint amach go héifeachtach. Is é an ceann is tábhachtaí faireachas margaidh a bheith á dhéanamh ag údaráis na mBallstát lena mbaineann. Aimseofar neamhchomhlíonadh freisin, mar thoradh ar ghearáin a sheolfar chuig an gCoimisiún. Beidh na sonraí astaíochtaí a thiocfaidh as an nós imeachta cineálcheadaithe innill úsáideach freisin, chun críocha faireacháin agus meastóireachta. Go háirithe, má bhunaítear an bunachar sonraí a dtugtar tuairisc air i mír 6.4.3.

Rinneadh athbhreithniú teicniúil ar an reachtaíocht maidir le hinnealra soghluaiste neamhbhóthair in 2008. Mar thoradh air sin, cuireadh tús le forbairt an tionscnaimh reatha seo. D’fhéadfaí athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh arís roinnt blianta tar éis theacht i bhfeidhm na reachtaíochta leasaithe maidir le hinnealra soghluaiste neamhbhóthair, a luaithe a bheidh dóthain fianaise ar fáil faoi éifeachtaí an tionscnaimh reatha. D’fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na gceanglas nua astaíochtaí.